PREASEISIÚINT

PR/28/05 | Prág, 28 Bealtaine 2024

# Déanann buaiteoirí an chomórtais Dúshláin CASSINI cumhacht Spás an Aontais a ghiaráil

**Tá drón comhraic dóiteáin, aip rianaithe foraoiseachta agus intleacht shaorga um shonraí aeráide agus bithéagsúlachta i measc bhuaiteoirí an riain ceannais den chomórtas, 'Táirge a chur isteach'.**

Inniu, d'fhógair Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) – in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach – buaiteoirí riain ceannais an chomórtais Dúshláin CASSINI, 'Táirge a chur isteach'. Rinneadh an fógra le linn Lá Fiontraíochta CASSINI i bPrág ar imeacht bliantúil é a thugann le chéile na gnólachtaí nuathionscanta spáis is mó a bhfuil gealladh fúthu san Eoraip mar aon le hinfheisteoirí ceannródaíocha.

> *Léiríonn an iliomad réiteach agus seirbhísí spásbhunaithe atá ar taispeáint le linn an imeachta seo – go háirithe iad siúd a thagann ó iomaitheoirí sa chomórtas Dúshláin CASSINI – an fuinneamh fiontraíochta atá ag tiomáint na réabhlóide teicneolaíche san Aontas Eorpach.*
>
> **Rodrigo da Costa**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA

Le duaischiste iomlán de EUR 1 milliún, is é is aidhm don chomórtas Dúshláin CASSINI tacú le réitigh nuálacha thráchtála a fhorbairt lena ndéantar sonraí Spáis an Aontais ó EGNOS, Galileo agus/nó Copernicus a ghiaráil le smaoineamh, le fréamhshamhail nó le táirge, ag brath ar aibíocht an réitigh.

Dhírigh na réitigh uile ar cheann de na réimsí nuálaíochta seo a leanas, beag beann ar an rian den chomortás ar ghlac iomaitheoirí páirt ann:

- **An dúshlán 'An chéad ghlúin eile':** sonraí Galileo agus Copernicus a ghiaráil chun luach a chur le réitigh ar mhaithe le folláine, sábháilteacht, slándáil agus nascacht shaoránaigh an Aontais a fheabhsú.
- **An dúshlán 'Todhchaí inbhuanaithe':** réitigh nuálacha a fhorbairt maidir le caomhnú éiceachóras, talmhaíocht inbhuanaithe, agus bainistiú fuinnimh agus acmhainní.
- **An dúshlán 'Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn':** réitigh shuaiteacha a dhearadh lena gcomhcheanglaítear sonraí Spás an Aontais le teicneolaíochtaí doimhne amhail an intleacht shaorga (IS), teicneolaíochtaí candamacha, blocshlabhra, an réaltacht leathnaithe nó an mheiteachruinne.

Agus níos mó ná 90 táirge curtha isteach agus breithniú cúramach déanta orthu, roghnaigh an giúiré an cúigear buaiteoirí sa rian 'Táirge a chur isteach' den chomórtas Dúshláin CASSINI:

### Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn

- **Skypuzzler** (an Danmhairg): Agus geoshuíomh cruinn Galileo – maille lena sheirbhís ardbheachtais (HAS), go luath – á ghiaráil, tá cruthaithe ag Skypuzzler réiteach comhtháite um rialú digiteach aerthráchta (iDATC) lena n-éascaítear do chianphíolótaí dróin imeachtaí anaithnide a láimhseáil i bhfíor-am.
- **Infraspace** (an Iorua): Trí úsáid a bhaint as an intleacht shaorga anuas ar shonraí ó fhoinsí amhail Copernicus, déanann an bogearra néalbhunaithe dearaidh ghiniúnaigh seo measúnú ar ghnéithe cosúil le costais, astaíochtaí carbóin agus úsáid spásúil chun cinnteoireacht i dtionscadail bhonneagair a fheabhsú.


Tá an fhaisnéis atá le fáil anseo faoi réir Fógra Séanta, Fógra Cóipchirt agus cosaint sonraí pearsanta.

**An chéad ghlúin eile**

- **Hightek** (an Iodáil): Is córas aerchomhraic dóiteáin gan foireann ó cheann go ceann de chuid na cuideachta seo é Q.SYSTEM lena ngiaráiltear aerárthaí gan foireann, faireachán ar an talamh agus uirlisí tuarthacha chun brath agus maolú tapa saincheaptha falscaithe a sholáthar.

**Todhchaí inbhuanaithe**

- **Satelligence** (an Ísiltír): Trí fhaisnéis inghníomhaithe a dhéanamh as sonraí ó na satailítí Fairtheoir 1 agus Fairtheoir 2, cuidíonn an t-ardán inrianaitheachta tráchtearraí seo le páirtithe leasmhara foraoiseachta agus le cuideachtaí feadh an tslabhra soláthair ina iomláine Rialachán an Aontais maidir le táirgí gan dífhoraisiú (EUDR) a chomhlíonadh. Forbraíodh an réiteach i gcomhpháirt leis an lipéad inbhuanaitheachta cáiliúil Fairtrade International.
- **Kanop** (an Fhrainc): Ardán nuálach bogearraí mar sheirbhís (SaaS) é seo a bhaineann leas as íomhánna satailíte ceannródaíocha agus as ardalgartaim intleachta saorga chun sonraí aeráide agus bithéagsúlachta atá cruinn, bailíochtaithe go heolaíoch agus go hiomlán in-iniúchta a sholáthar. Trí thomhais a sholáthar a bhaineann go sonrach le láithreán nó le tionscadal ar leith, éascaítear leis an réiteach seo an chinnteoireacht fheasach agus cuirtear leis ar chumas úsáideoirí a gceanglais maidir le Margadh Carbóin Deonach agus Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Fuair gach duine den chúigear buaiteoirí duais airgid arbh fhiú EUR 100 000 í.

> *Tréaslaím lenár mbuaiteoirí agus táim ag tnúth le feiceáil conas a bhainfidh sibh leas as bhur dtaithí CASSINI chun na réitigh cheannródaíocha seo a chur chun cinn ar mhaithe le saoránaigh, geilleagar agus sochaí na hEorpa.*
>
> **Rodrigo da Costa**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA

Tá an comórtas Dúshláin CASSINI mar chuid de CASSINI, is é sin tionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh atá dírithe ar thacú le fiontraithe, le gnólachtaí nuathionscanta agus le FBManna feidhmchláir agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt a dhéanann Clár Spáis an Aontais a ghiaráil.

Seolfar an chéad eagrán eile den chomórtas níos moille i mbliana.

Tá tuilleadh eolais le fáil anseo.


Tá an fhaisnéis atá le fáil anseo faoi réir Fógra Séanta, Fógra Cóipchirt agus cosaint sonraí pearsanta.